



## COMHAONTÚ NA HEAGRAÍOCHTA DOMHANDA TRÁDÁLA MAIDIR LE TALMHAÍOCHT

Tagann na córais náisiúnta tacaíochta don talmhaíocht faoi chreat an chomhaontaithe faoin talmhaíocht a caibidlíodh faoi chuimsiú Bhabhta Uragua (1986-1994), agus a tháinig i bhfeidhm in 1995. Is é sprioc fhadtéarmach an chomhaontaithe sin ná córas trádála talmhaíochta atá cothrom agus margadh-dhírithé a bhunú chun tús a chur le próiseas athchóirithe trí ghealltanais a chaibidlíú maidir le tacaíocht agus cosaint, agus trí rialacha agus smacht a bheidh níos láidre agus níos éifeachtaí ó thaobh cúrsaí oibriúcháin de a bhunú. Dá bhrí sin, is cás speisialta í an talmhaíocht ar an ábhar go bhfuil a comhaontú féin ag an earnáil, ar comhaontú é a bhfuil tosaíocht ag a forálacha.

### BUNÚS DLÍ

Maidir leis an gComhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Trádáil (CGTT), a síníodh sa Ghinéiv in 1947, agus an Comhaontú lena mbunaítear an Eagraíocht Dhomhanda Trádála (EDT), a síníodh in Marrakech in 1994 (IO L 336, 23.12.1994), tá an tAontas Eorpach agus Ballstáit an Aontais Eorpaigh ag gníomhú de bhun Airteagal 207 (an comhbheartas tráchtála) agus Airteagail 217 agus 218 (comhaontuithe idirnáisiúnta) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ([5.2.2](#)).

### GNÉITHE SEACHTRACHA DE CBT — CREAT GINEARÁLTA

Ó 1995 i leith, tá an Comhbheartas Talmhaíochta (CBT) ar fad faoi réir smacht na hEagraíochta Domhanda Trádála (EDT), lena n-áirítear Comhlacht um Réiteach Díospóidí (DSB) lena mbaineann nós imeachta dian le haghaidh díospóidí a réiteach, rud a fhágann go bhfuil na rialacha nua iltaobhacha á gcomhlíonadh ag na stáit sínitheora.

Tá difear á dhéanamh do CBT freisin ag lamháltais talmhaíochta arna ndeonú do réimse leathan tíortha faoi roinnt comhaontuithe iltaobhacha agus déthaobhacha agus ag tarscaoilí aontaobhacha arna ndeonú faoin gCóras Ginearálaithe um Fhabhair (GSP). Is iad na comhaontuithe tosaíochta sin is cúis le leibhéal ard na n-allmhairí talmhaíochta ó thíortha atá i mbéal forbartha chuig an Aontas Eorpach ([3.2.10](#), Tábla VI).



## COMHAONTÚ NA HEAGRAÍOCHTA DOMHANDA TRÁDÁLA MAIDIR LE TALMHAÍOCHT

Ar dtús, bhí feidhm ag CGTT 1947 maidir leis an talmhaíocht, ach bhí sé neamhiomlán, agus rinne na stáit a shínigh é (nó 'páirtithe conarthacha') an earnáil sin a eisiáimh ó raon feidhme na bprionsabal a luaitear sa chomhaontú ginearálta. I rith thréimhse 1947-1994, bhí cead ag comhaltaí fóirdheontas onnmhairiúcháin ar tháirgí príomhúla talmhaíochta a úsáid agus srianta a fhorchur ar allmhairiú faoi choinníollacha áirithe, rud a d'fhág go raibh bacainn trádála roimh na príomh-thráchtearraí talmhaíochta ar scála a bhí neamhchoitianta in earnálacha marsantachta eile. Dá bhrí sin, ba dhian agus b'fhada an bealach chun córas trádála talmhaíochta cothrom agus margadh-dhírthe a bhaint amach; rinneadh an chaibidlíocht a thabhairt i gcrích ar deireadh thiar thall le linn Bhabhta Uragua. Deonaítear stádas speisialta don talmhaíocht i gComhaontuithe agus Meabhráin Tuisceana um thrádáil na hEagraíochta Domhanda Trádála (a síníodh in 1994 agus a tháinig i bhfeidhm an 1 Eanáir 1995) mar gheall go bhfuil comhaontú sonrath ag an earnáil, is é sin an Comhaontú maidir leis an Talmhaíocht, a bhfuil tosaíocht ag a chuid forálacha. Ina theannta sin, baineann táirgeadh talmhaíochta agus trádáil talmhaíochta le roinnt forálacha de chuid an Chomhaontaithe maidir le Bearta Fíteashláintíochta a Chur i bhFeidhm (SPS). Is amhlaidh atá an scéal i gcás an Chomhaontaithe maidir le Gnéithe de Chearta Maoine Intleachtúla a bhaineann le Trádáil (TRIPS) i ndáil le sonraíochtaí geografacha a chosaint. Sa bhreis air sin, tá forálacha an Chomhaontaithe maidir leis an Talmhaíocht á bhforlíonadh ag an gComhaontú maidir le Bacainní Teicniúla ar an Trádáil (BTT), agus ag sásraí um chúnamh teicniúil.

Tá méid áirithe solúbthachta sna comhaontuithe sin maidir lena gcur chun feidhme ag comhaltaí na hEagraíochta Domhanda Trádála ar tíortha i mbéal forbartha iad (ionramháil speisialta agus dhifreálach) agus ag na tíortha is lú forbairt (LDCanna) agus tíortha i mbéal forbartha ar glan-allmhaireoirí bia iad (forálacha speisialta).

Ar bhonn an Chomhaontaithe maidir le Talmhaíocht, thug na Ballstáit den Eagraíocht Dhomhanda Trádála gealltanais go ndéanfaidís clár oibre athchóirithe maidir leis an mbeartas talmhaíochta a chur chun feidhme ina leagfaí síos oibleagáidí ceangailteacha sonracha i dtrí mhór-réimse:

### A. Rochtain ar mhargaí

Sa Chomhaontú maidir leis an Talmhaíocht déantar iarracht rochtain ar mhargaí a fheabhsú trína cheangal go ndéanfaí na nithe seo a leanas:

- dleachtanna custaim (coibhéisí taraife) a dhéanamh de na bearta cosanta teorann uile agus ansin iad a laghdú de réir a chéile (laghdú de 36 % sa tréimhse 1995-2000, i gcomparáid leis an tréimhse thagartha 1986-1988, do thíortha forbartha; laghdú de 24 % do na tíortha i mbéal forbartha);
- 'Gealltanais i dtaobh rochtain íosta' a bhunú do thríú tíortha maidir le táirgí sonracha nach bhfuil faoi réir taraifiú, trí chuótaí taraife a chur ar fáil (5% de thomhaltas bhuntréimhse 1986-1988 do gach grúpa táirgí faoi dheireadh 2000);



- Lamháltais taraifí le haghaidh allmhairí a choinneáil ar leibhéal 1986-1988 ar a laghad (rochtain ar an margadh atá ‘ann cheana’); clásal coimirce speisialta a thabhairt isteach, a chuirfí i ngníomh nuair a rachadh méid na n-allmhairí thar uasteorainn áirithe nó nuair a thitfeadh praghsanna allmhairí faoi bhun tairseach áirithe.

## B. Tacaíocht intíre

Tá méid an laghdaithe ag brath ar chineál na cabhrach. Déantar cabhair a aicmiú i ‘mboscaí’ éagsúla de réir an difir a dhéanann sí ó thaobh shaobhadh na trádála ar mhargaí talmhaíochta.

- Sa ‘bhosca ómra’, ar a dtugtar ‘Leibhéal Comhiomlán Tacaíochta’ (AMS) freisin, déantar tacaíocht praghsanna a chomhcheangal le cabhair atá cúpláilte le táirgeacht agus nach bhfuil díolmhaithe ó na gealltanais maidir le laghdú. Bhí gá le laghdú 20% a dhéanamh air sin thar thréimhse sé bliana, i gcomparáid le tréimhse thagartha 1986-1988. Ina theannta sin, féadfaidh gach ball de ETD ‘clásal de minimis’ a chur i bhfeidhm, ar clásal é lenar féidir aon tacaíocht arb ionann í agus níos lú ná 5% de luach an táirge i dtrácht (cabhair shonrach) nó den táirgeacht talmhaíochta iomlán (cabhair neamhshonrach) a eisiamh ó AMS reatha. Tá an uasteorainn sin socraithe ag 10 % do thíortha i mbéal forbartha.
- Sa ‘bhosca gorm’, tá cabhair atá nasctha le cláir rialaithe soláthair atá díolmhaithe ó ghealltanais maidir le laghdú: mar shampla, cabhair dhíreach atá bunaithe ar limistéar agus an táirgeacht atá socraithe nó leithdháilte le haghaidh líon sonrach ceann eallach (cás na ‘cabhrach cúití’ arna formheas le CBT in 1992) (3.2.3). Maidir le méid na tacaíochta in AMS a fhaightear mar aon le cabhair bhosca ghoirm (‘AMS iomlán’) le haghaidh gach táirge, áfach, ní féadfaidh sé a bheith níos mó ná méid iomlán na tacaíochta a deonaíodh le linn bhliain mhargaíochta 1992.
- Tá an ‘bosca glas’ comhdhéanta de dhá ghrúpa tacaíochta. Baineann an chéad cheann le cláir um sheirbhísí poiblí (mar shampla taighde, oiliúint, margaíocht, táirgí a chur chun cinn, bonneagar, cúnamh bia intíre nó stoic shlándála bia poiblí). Baineann an dara ceann le híocaíochtaí díreacha le táirgeoirí, ar íocaíochtaí iad atá go hiomlán díchúpláilte ó tháirgeadh. Baineann siad sin go príomha le cláir um ráthaíocht ioncaim agus um shlándáil ioncaim (tubaistí nádúrtha, ranníocaíochtaí airgeadais stáit maidir le hárachas barr, etc.), cláir um struchtúir a choigeartú agus cláir um chosaint an chomhshaoil. Tá cabhair uile an bhosca ghlais, a mheastar a bheith comhoiriúnach le creat EDT, go hiomlán díolmhaithe ó ghealltanais maidir le laghdú.

## C. Fóirdheontais onnmhairíochta

B’éigean laghdú 21 % a dhéanamh ar bhearta le haghaidh tacaíocht don onnmhairiú ó thaobh méide de agus b’éigean laghdú 36% a dhéanamh ó thaobh buiséid, thar thréimhse sé bliana, i gcomparáid leis an leibhéal i mbuntréimhse 1986-1990 (seachas i gcás táirgí mairteola: 1986-1992). San Aontas Eorpach, rinneadh an laghdú líneach sin ar 20 grúpa de tháirgí. I gcás táirgí próiseáilte, is é an laghdú buiséadach amháin a cuireadh i bhfeidhm.



## TIONCHAIR AN CHOMHAONTAITHE TALMHAÍOCHTA AR CBT

Bhí sé i gceist, go páirteach, leis an athchóiriú ar an gComhbheartas Talmhaíochta in 1992, síniú an Chomhaontaithe maidir le Talmhaíocht a éascú mar chuid de Bhabhta Uragua. Mar thoradh air sin, tá na gealltanais a síníodh in Marrakech comhlíonta den chuid is mó ag an Aontas Eorpach.

### A. Rochtain ar mhargaí

Bhain gealltanais an Aontais Eorpaigh maidir le cearta comhdhlúthaithe le 1 764 líne tharaife. Maidir le meánleibhéal na dleachta custaim comhdhlúthaithe do tháirgí bia, arbh ionann é agus 26% ag tús na tréimhse cur chun feidhme, ní raibh sé ach ar 17% ag deireadh na tréimhse. Ina theannta sin, rinne an tAontas Eorpach dleacht nialasach nó dleacht íosta a chur i bhfeidhm maidir le 775 líne as na 1 764 líne a bhí ann san iomlán. Níl ach 8% de na línte taraife a bhfuil dleacht chustaim sa bhreis ar 50% ann dóibh. Baineann na buaiceanna taraife sin le táirgí déiríochta, leis an mairteoil, leis na gránaigh, agus le táirgí gránachbhunaithe chomh maith le siúcra agus milseoirí. A mhéid a bhaineann le cuótaí, tá 87 gcuóta ar an iomlán bunaithe ag an Aontas Eorpach, a dtagann 37 díobh sin faoi 'rochtain íosta' agus a dtagann 44 eile díobh faoi 'rochtain reatha'. In 2014, tháinig isteach agus amach le 71% d'allmhairí agraibhia, arbh fhiú EUR 72 bhiliún iad, isteach san Aontas agus dleacht nialasach orthu.

### B. Onnmhairí fóirdheonaithe

Sular cuireadh ar ceal iad mar chuid d'athchóiriú 2013 ar CBT, is as an Aontas Eorpach a thagadh an chuid is mó de na honnmhairí fóirdheonaithe a cuireadh in iúl do EDT. Thit siad go náid in 2017. Ba cheart a choimeád i gcuimhne, áfach, go bhfuil roinnt cleachtas ann a mbaineann ár bpríomhiomaitheoirí úsáid astu (e.g. cúnamb bia, creidmheasanna onnmhairíochta agus fiontair tráchtála stáit) nach bhfuil faoi réir rialacha EDT. Bainfidh AE úsáid anois as aisíocaíochtaí onnmhairíochta i gcásanna eisceachtúla chun teacht ó ghéarchéimeanna tromchúiseacha a dhéanfaidh difear do na margaí. Tháinig laghdú ar sciar na n-aisíocaíochtaí onnmhairíochta i mbuiséad talmhaíochta an Aontais Eorpaigh ó 29.5% in 1993 (EUR 10.1 billiún), tráth a bhí 12 Bhallstát ann, go dtí 0% in 2017, tráth a bhí 28 mBallstát ann ([3.2.2](#)). Tá laghduithe suntasacha i gceist do roinnt táirgí de chuid an Aontais Eorpaigh: tá difear déanta go ginearálta ag an méid sin d'im, ráib, cáis, torthaí agus glasraí, uibheacha, fíon agus feoil. Baineann an fógra is déanaí do EDT le tréimhse 2016-2017 (G/AG/N/EU/55 an 28 Márta 2019).

### C. Tacaíocht intíre

Le hathchóiriú 2003 ar CBT, lena ndearnadh an chuid is mó den chabhair dhíreach a bhí ann cheana a dhíchúpláil, agus leis na hathchóirithe earnálacha a rinneadh ina dhiaidh sin, fágadh go raibh an chuid is mó den tacaíocht faoin mbosca ómra agus faoin mbosca gorm aistrithe go dtí an bosca glas (EUR 61.6 billiún in 2016-2017, féach an tábla thíos). Tháinig laghdú mór ar chabhair faoin 'mbosca ómra' (AMS, nó leibhéal comhiomlán tacaíochta) ó EUR 81 bhiliún ag tús thréimhse an chomhaontaithe go dtí EUR 6.9 billiún in 2016-2017, in ainneoin na mbabhtaí méadaithe a tháinig ina dhiaidh sin. Dá bhrí sin, den chuid is mó, tá na gealltanais a tugadh in Marrakech (EUR 72.38



billiún in aghaidh na bliana) do AMS á gcomhlíonadh ag an Aontas Eorpach. Ina theannta sin, shroich an 'bosca gorm' EUR 4.6 billiún sa tréimhse fógra chéanna.

<b>TACAÍOCHT INTÍRE EU AR TUGADH FÓGRA INA LEITH DO EDT (in EUR milliún)</b>	<b>BOSCA GLAS (Méid &amp; %)</b>	<b>BOSCA GORM (Méid &amp; %)</b>	<b>BOSCA ÓMRA (AMS) (Méid &amp; %)</b>	<b>TACAÍOCHT IOMLÁN AR TUGADH FÓGRA INA LEITH</b>
<b>Tréimhse 2011/2012 (G/AG/N/EU/20)</b>	70,976.8 87.8%	2,981.1 3.7%	6,858.9 8.5%	80,816.8 100 %
<b>Tréimhse 2012/2013 (G/AG/N/EU/26)</b>	71,140.0 89.1%	2,754.2 3.5%	5,899.1 7.4%	79,793.3 100 %
<b>Tréimhse 2013/2014 (G/AG/N/EU/34)</b>	68,697.8 88.8%	2,663.6 3.4%	5,971.7 7.8%	77,333.1 100 %
<b>Tréimhse 2014/2015 (G/AG/N/EU/43)</b>	65,256.8 87.3%	2,878.8 3.8%	6,642.3 8.9%	74,777.9 100 %
<b>Tréimhse 2015/2016 (G/AG/N/EU/46)</b>	60,828.5 84.2%	4,331.1 6.0%	7,101.8 9.8%	72,261.4 100 %
<b>Tréimhse 2016/2017 (G/AG/N/EU/55)</b>	61,696.1 84.2%	4,641.2 6.3%	6,944.5 9.5%	73,281.8 100 %

## **RÓL PHARLAIMINT NA HEORPA**

Bíonn Parlaimint na hEorpa ag breathnú go han-ghéar i gcónaí ar an dul chun cinn i gcaibidlíocht iltaobhach i gcoitinne, agus i gcaibidlíocht talmhaíochta go háirithe. Léirítear i roinnt rún an breathnú sin (e.g. rún an 18 Nollaig 1999 ar thríú comhdháil aireachta de chuid EDT in Seattle; an 13 Nollaig 2001 ar chruinniú EDT i nDoha; an 12 Feabhra 2003 ar chaibidlíocht na hEagraíochta Trádála Domhanda ar thrádáil talmhaíochta; an 25 Meán Fómhair 2003 ar an gCúigiú Comhdháil Aireachta de chuid EDT i gCancún; an 1 Nollaig 2005 ar ullmhúcháin don séú Comhdháil Aireachta de chuid WTO i Hong Cong; an 4 Aibreán 2006, an 9 Deireadh Fómhair 2008, an 16 Nollaig 2009, an 14 Meán Fómhair 2011, an 21 Samhain 2013 agus an 26 Samhain 2015 ar mheastóireacht ar Bhabhta Doha; agus an 15 Samhain 2017 ar chaibidlíochtaí déthaobhacha don aonú comhdháil déag de chuid EDT i mBuenos Aires). D'iarr Parlaimint na hEorpa i gcónaí ar an gCoimisiún Eorpach coimirce a thabhairt do leasanna táirgeoirí agus tomhaltóirí na hEorpa, mar aon le leasanna na bhfeirmeoirí sna tíortha sin a raibh caidreamh an-dlúth ag an Aontas Eorpach san am atá caite leo (tíortha ACC); In 1999, ag tús 'bhabhta na mílaoise', rinne sí a tacaíocht a chur in iúl maidir leis an gcur chuige a bhí glactha ag idirbheartaithe an Aontais Eorpaigh maidir le tacú go láidir le múnla talmhaíochta na hEorpa atá bunaithe ar



ilfheidhmiúlacht earnáil na talmhaíochta. Rinne sí an tacaíocht sin a chur in iúl arís i roinnt rún inar leagadh béim ar a thábhachtaí atá sé aitheantas a thabhairt go sonrach maidir le 'hábhair imní neamhthrádála' agus éilimh an phobail maidir le sábháilteacht bia, cosaint an chomhshaoil, cáilíocht bia agus leas na n-ainmhithe a chur san áireamh.

Tá an tosaíocht a thugann na Stáit Aontaithe don déthaobhachas ó toghadh Donald Trump in 2017 ag déanamh dochar don chóras trádála iltaobhach, mar a léirítear, mar shampla, leis an gcogadh taraifí leis an tSín nó le díscáoileadh Bhuanachomhlacht Achomhairc EDT in 2019. Ó tharla gurb amhlaidh atá, beidh an tAontas Eorpach agus Parlaimint na hEorpa ar a mbionda chun tairbhí an chórais iltaobhaigh a choinneáil i gcroílár EDT, go háirithe maidir le trádáil talmhaíochta (ar an ábhar sin, i mí na Nollag 2019 mhol an tAontas do bhallstáit de chuid EDT nós imeachta sealadach le haghaidh achomhairc chun ionad na Buanchomhlachta Achomhairc a dhéanamh).

François Nègre  
02/2020

